Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2521

16.11.2023

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2521 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8 Samhain 2023**

**maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An tEorpachas a ghlacadh chugainn féin: Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun do Shaoránacht Náisiúnta agus do Shaoránacht Eorpach a Nascadh' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 7583)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh iarraidh ar chlárú tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'An tEorpachas a ghlacadh chugainn féin: Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun do Shaoránacht Náisiúnta agus do Shaoránacht Eorpach a Nascadh' faoi bhráid an Choimisiúin an 15 Meán Fómhair 2023.

(2) Is iad seo a leanas cuspóirí an tionscnaimh mar a chuir na heagraithe in iúl iad: 'éilítear leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh seo go mbeidh sé de cheart ag cách, seachas ag mionlach beag, buneolas a chur ar an Aontas Eorpach agus ar a Saoránacht Eorpach ó aois óg.' Iarrann na heagraithe ar an gCoimisiún gníomh dlí a mholadh lena dtabharfaí isteach, i gcás na mBallstát uile [,] ceart do gach leanbh chun oideachais ar Shaoránacht Eorpach agus luachanna chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta agus 'deis eisceachtúil a thabhairt do gach duine ar mian leo leas a bhaint as an eolas sin agus féachaint ar a bhfuil le tairiscint ag an Eoraip'. Cuireann na heagraithe leis an méid sin trí 'cheanglas Eorpach um oideachas saoránachta i reachtaíocht an Aontais maidir le saorghluaiseacht, agus cosaint luachanna na hEorpa', 'Reacht um Shaoránacht Eorpach mar shamhail don oideachas saoránachta' agus 'ionad barr feabhais a chruthú chun dea-chleachtas a mhalartú in oideachas ardcháilíochta agus in oiliúint múinteoirí.'

(3) Tugtar tuilleadh sonraí ar ábhar, ar chuspóirí agus ar chúlra an tionscnaimh in iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh. Mínítear ann go bhfuil sé d'aidhm ag an tionscnamh a chinntiú go mbeidh an inniúlacht is gá ag gach duine san Aontas ó aois óg agus go dtugtar an deis dó leas a bhaint as a bhfuil le tairiscint ag an Eoraip'. Measann na heagraithe gur 'coinníoll cumasúcháin ríthábhachtach é an ceart chun oideachais faoi shaoránacht Eorpach chun na cearta a thugann an tAontas Eorpach a fheidhmiú' agus gur bealach é an t-oideachas sin 'chun an tAontas Eorpach a thabhairt níos gaire dá shaoránaigh uile' agus chun 'athléimneacht pobal agus saoránach aonair a mhéadú maidir le nochtadh don iliomad cineálacha mífhaisnéise'.

(4) Rinne an grúpa eagraithe doiciméad breise a chur isteach mar chuid dá n-iarratas ar chlárú ina gcuirtear anailís dhlíthiúil ar fáil maidir leis na gníomhartha atá beartaithe.

(5) Maidir le cuspóirí an tionscnaimh, measann an Coimisiún go bhféadfadh sé foráil a mholadh lena mbunófaí ceart chun oideachais faoin Aontas agus faoi shaoránacht an Aontais ar bhonn Airteagal 25 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Mar sin féin, ní fhéadfadh an fhoráil sin ábhar beacht an oideachais a shainiú, ionas go n-urramófaí go hiomlán freagracht na mBallstát i leith inneachar an teagaisc dá bhforáiltear in Airteagal 165 CFAE.

(6) Maidir le ceanglas Eorpach um oideachas saoránachta a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais, d'fhéadfaí an méid sin a mholadh ar bhonn Airteagal 21(2) CFAE, chun an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát a éascú.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj.

(7) Maidir le 'Reacht um Shaoránacht Eorpach' a bhunú, d'fhéadfaí an méid sin a mholadh ar bhonn Airteagal 25 CFAE. De rogha air sin, d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar Airteagal 21(2) CFAE dá mbeadh sé d'aidhm ag an togra an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát a éascú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Coimisiún gníomh reachtach a mholadh lena mbunófaí bearta dreasachta d'oiliúint múinteoirí i ngné Eorpach an oideachais saoránachta, lena n-áirítear ionad barr feabhais a chruthú, bunaithe ar Airteagal 165(4) CFAE.

(8) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin togra a chur isteach le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(9) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha nithiúla substainteacha is gá le go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(10) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(11) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'An tEorpachas a ghlacadh chugainn féin: Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun do Shaoránacht Náisiúnta agus do Shaoránacht Eorpach a Nascadh' a chlárú.

(13) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é grúpa eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'An tEorpachas a ghlacadh chugainn féin: Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun do Shaoránacht Náisiúnta agus do Shaoránacht Eorpach a Nascadh'.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig grúpa eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh dar teideal 'An tEorpachas a ghlacadh chugainn féin: Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun do Shaoránacht Náisiúnta agus do Shaoránacht Eorpach a Nascadh', grúpa arb iad Anthony VENABLES agus Suzana CARP atá ag gníomhú mar dhaoine teagmhála dó.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Věra JOUROVÁ
*Leas-Uachtarán*